ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5529/oj

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2024/5529

23.9.2024

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5529)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú páirteach

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 5990	16 Meán Fómhair 2024	trí-ocsaíd chróimiam (CE Uimh. 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Heinrich Schulte Söhne GmbH & Co. KG, Widayweg 10, 59823 Arnsberg, an Ghearmáin	REACH/24/47/0	Plátáil cróim fheidhmiúil ar chomhpháirteanna móra agus ar chomhpháirteanna beaga lena mbaineann geoiméadrachtaí casta nó lena n-éilítear nósanna imeachta speisialta formheasta le haghaidh na bhfeidhmeanna a liostaítear san Iarscríbhinn	An 31 Nollaig 2033	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.
			Schulte Hartchrom GmbH, Widayweg 10, 59823 Arnsberg, an Ghearmáin	REACH/24/47/1			
			Heinrich Schulte Söhne GmbH & Co. KG, Widayweg 10, 59823 Arnsberg, an Ghearmáin	REACH/24/47/2	Plátáil cróim fheidhmiúil ar chomhpháirteanna beaga lena mbaineann geoiméadrachtaí simplí nach n-éilíonn nósanna imeachta speisialta formheasta le haghaidh na bhfeidhmeanna a liostaítear san Iarscríbhinn	An 31 Nollaig 2028	
			Schulte Hartchrom GmbH, Widayweg 10, 59823 Arnsberg, an Ghearmáin	REACH/24/47/3			

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.